
BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH


MARY IMMACULATE COLLEGE
UNIVERSITY OF LIMERICK



# [ Tuarascáil Bhliantúil ]

2010-2011


MIC



# Clár Ábhair

Brollach an Chathaoirligh
Réamhrá an Uachtaráin
Rialachas
Pleanáil Straitéiseach
Bronnadh na gCéimeanna 2010
Buaicphointí 2010 - 2011
Nascanna Idirnáisiúnta
Forbairt Ghairmiúil
Seirbhísí don bPobal
Seirbhísí Tacaíochta
Saol na Mac Léinn
Teagasc & Foghlaim
Éagsúlacht agus Foghlaim ar feadh an tSaoil
Tacaíocht & Coinneáil Acadúil
Tiomantas Institiúideach do Thacaíocht Taighde
Aguisíní
Eagraghram
Tuarascáil Airgeadais
Léirmheas ar Úsáid Fuinnimh 2010

# Réamhrá

An tOllamh
Michael A Hayes
**Uachtarán**

Clúdaíonn Tuarascáil Bhliantúil 2010-2011 an tréimhse ama ó 1 Meán Fómhair 2010 go 30 Meán Fómhair 2011. Cuireann an tuarascáil seo béim ar an saol gnóthach agus ar réimse leathan na n-imeachtaí a tharla i gColáiste atá beo beathaíoch agus ag forbairt. Cuirfear fáilte roimh an chéad Tuarascáil Bhliantúil toisc go bhfeidhmeoidh an tuarascáil mar uirlis chun breithniú siar gach bliain agus chun an dul chun cinn déanta a mheas.

Le blianta beaga anuas tá athrú, forbairt agus fás gan chuimse tagtha ar Choláiste Mhuire gan Smál. Níor thóg sé i bhfad ar an gColáiste agus a fhoireann na deiseanna atá tagtha chun solais ar an tírdhreach oideachais a thapú agus d'éirigh leis an gColáiste na hathruithe chuí a chur i bhfeidhm chun leas a bhaint as na deiseanna nua seo. Mar atá tuairiscithe anseo, cuireadh go suntasach le réimse na seirbhísí tacaíochta agus na n-áiseanna a chuirfear ar fáil do mhic léinn. Aimsíodh maoiniú chun tacú le feabhsúcháin i gCáilíocht agus le caighdeáin i dTeagasc agus i bhFoghlaim.

Ag féachaint ar rudaí go fadtéarmach, is cinnte go mbaineann an fhorbairt is suntasaí a deineadh i gColáiste Mhuire gan Smál sa mbliain 2010-2011 le forbairt fhisiciúil an Choláiste. Anuas ar Áis Oideachasúil Ilfheidhmeach (Tailteann) a tógadh i mí Lúnasa 2005, cuireann foirgneamh nua Teamhair faoi dhó le hacmhainn an Choláiste le 8,500 méadar cearnach de spás breise.

Deineadh dul chun cinn suntasach agus baineadh go leor amach ar an gcampas sa mbliain 2010-2011. Sna leathanaigh seo a leanas déantar cur síos ar go leor éachtaí eile a baineadh amach i rith na bliana. Leantar ar aghaidh sa tuarascáil seo le scéal Coláiste le traidisiún fada agus bródúil, le cinnteacht gur féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus ar imthosca athraitheacha. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach éinne a chabhraigh chun an tuarascáil seo a chur lena chéile agus gabhaim buíochas le foireann an Choláiste as ucht na hoibre ar fad a deineadh le linn na tréimhse clúdaithe sa tuarascáil seo. Gabhaim buíochas ar leith leis an gComh Leas-Uachtarán, An tOll. Gary O' Brien, as ucht na hoibre comhordaithe a dhein sé ar an ndréacht-thuarascáil agus as ucht í a ullmhú i gcomhair foilsitheoireachta.

Michael Hayes

An tOllamh Michael A. Hayes
An tUachtarán



# Brollach

An tAthair
Tony Mullins
**Cathaoirleach**

Is mór an onóir domsa Tuarascáil Bhliantúil 2010-2011 do Choláiste Mhuire gan Smál a chur os bhur gcomhair. Cuireann an tuarascáil béim ar an obair iontach atá á dhéanamh sa Choláiste, go háirithe le linn 2010-2011. Tá réimse na ngníomhaíochtaí ionspioráideach agus léiríonn siad cé chomh beo beathaíoch is atá an Coláiste. Léiríonn na gníomhaíochtaí seo chomh maith go bhfuil an t-ádh leis an gColáiste go bhfuil baill foirne iontacha fostaithe ann, a shaothraíonn go crua chun a chinntiú go gcuirtear taithí foghlama den chéad scoth ar fáil do mhic léinn atá ag freastal ar Choláiste Mhuire gan Smál. Ar son an Bhoird Rialaithe ba mhaith liom comhghairdeachas a dhéanamh le hUachtarán, le baill foirne agus le mic léinn an Choláiste as na héachtaí atá bainte amach acu.

Tá tiomantas an Choláiste i leith na héagsúlachta le feiscint go soiléir sa tuarascáil seo. De bharr na gclár rochtana éagsúla curtha ar fáil ag an gColáiste bhí mic léinn lánfhásta, mic léinn faoi mhíchumas, mic léinn ó mhionlaigh eitneacha agus mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch in ann páirt a ghlacadh i réimse leathan chláir.

Tá éagsúlacht le feiscint chomh maith sa bhfás leanúnach atá tagtha ar na cláir atá á dtairiscint ag an gColáiste, le ráthúlacht ar leith i bhforbairt deiseanna foghlama agus taighde ag leibhéal iarchéime.

Ar cheann de na comharthaí is suntasaí den dul chun cinn a deineadh i rith an ama atá faoi chaibidil sa tuarascáil tá críoch fhoirgnimh Teamhair atá anois ag feidhmiú mar mhol teagaisc agus foghlama an Choláiste. Is léiriú fisiciúil é den mbláthú atá tarlaithe sa Choláiste agus sinn ag bogadh isteach sa dara deich mbliana den hAonú hAois is Fiche agus den todhchaí iontach atá in ann do na mic léinn atá le teacht sa choláiste.

Go mBeannaí Dia foireann agus mic léinn an Choláiste agus go dtacóidh Sé leis an obair iontach atá ar siúl i gColáiste Mhuire gan Smál don mbliain acadúil romhainn.

An tAthair Tony Mullins
Cathaoirleach



# Rialachas



## An Bord Rialaithe

Is é An Bord Rialaithe a rialaíonn Coláiste Mhuire gan Smál. Tá freagracht tugtha ag Iontaobhaithe CMgS don mBord Rialaithe cúrsaí an Choláiste a rith.

Seo a leanas baill an Bhoird Rialaithe le linn 2010-11:

Tony Mullins Ró-Oirmh., (An Cathaoirleach), An tOll. P. Cremin (An tUachtarán), An tOll. M. Breen Déan na nDán, N. Byrne, Uas., (Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn), An Dr. L. Chambers, M. Collins, Uas., (Uachtarán Aontas na Mac Léinn), An Dr. P. Connolly, T. Donoghue, Uas., An tOll. M. Healy (Comh Leas-Uachtarán Taighde), An tOll. G. O'Brien (Comh Leas-Uachtarán Riaracháin), An tOll. T. O'Doherty, Déan an Oideachais, An tSr. E. Ryan, J. Coady, Uas., (Leas Uachtarán Riaracháin & Airgeadais), J. Dalton, Uas., An tOll E. Wall (Leas Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla), An tSr. M. O'Kelly, An Dr. C. O'Sullivan, An Dr. D. Ní Chróinín, An tSr. B. Coman, J. Hayden, Uas., A. Kavanagh, Uas., G. Moloney, Uas., D. Morrissey, Uas. G. Ó Tiarnaigh, Uas., An tAth. Michael Wall, An tAth. L. Walsh, C. Spooner, Uas., R. Godfrey, Uas., R.B. Haslam, Uas., An Dr. A. Looney, M. O'Brien, Uas.,

**Tháinig An Bord Rialaithe le chéile uair sa ráithe le linn 2010/2011. Pléadh na ceisteanna seo a leanas:**

- Ceisteanna Airgeadais
- Dul chun cinn na bhfo-choistí éagsúla
- Forbairt doiciméid bheartais éagsúla
- Clár Tógála agus Plean Forbartha
- Plean Straitéiseach Coláiste Mhuire gan Smál
- Iontógáil Mac Léinn agus iarratais don Lár-Oifig Iontrála
- Rialachas

**Coiste Bainistíochta an Choláiste:**

An tOll. Peadar Cremin – An tUachtarán (Cathaoirleach), An tOll. Eugene Wall – Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla (Leas Cathaoirleach), An tOll. Michael Breen – Déan na nDán, An tOll. Gary O'Brien – Comh Leas-Uachtarán Riaracháin, An tAth. Michael Wall – Ionadaí na Foirne Acadúla, Rachel Godfrey, Uas., – Ionadaí na Foirne Gairmiúla, John Coady, Uas., – Leas-Uachtarán Riaracháin & Airgeadais, An tOll. Teresa O'Doherty – Déan an Oideachais, An Dr. Déirdre Ní Chróinín – Ionadaí na Foirne Acadúla, An tOll. Michael Healy – Comh Leas-Uachtarán Taighde.

# Rialachas

Tháinig Coiste Bainistíochta an Choláiste le chéile uair is fiche le linn na bliana acadúla 2010-11. Tá sé mar shainchúram ag an gCoiste comhairle a chur ar an Uachtarán maidir le bainistíocht laethúil an Choláiste. Pléann an Coiste le ceisteanna a bhaineann le beartais, le soláthar foirne agus le maoiniú.

## An Bord Acadúil

Feidhmíonn An Bord Acadúil mar Chomhairle Acadúil an Choláiste. Tháinig sé le chéile 10 n-uair le linn na Bliana Acadúla 2010-11 agus pléadh réimse leathan de cheisteanna, ina measc-siúd bhí:

- Faomhadh ar Dhámhachtainí
- Faomhadh ar dhearadh agus ar mhionathrú cláir
- Léirmheas agus ath-choincheapú chláir an B.Oid.

## Pleanáil Straitéiseach

Cuireadh Dréachtphlean Straitéiseach nua suas ar láithreán gréasáin an Choláiste agus tugadh cuireadh i scríbhinn do 100 pháirtithe seachtracha/leasmhara agus lorgaíodh aiseolas sna réimsí seo a leanas:

- Ráitis ghinearálta a thabhairt faoin bplean;
- Moltaí a chur isteach faoi bheartais intomhaiste a d'fhéadfadh a nascadh le spriocanna agus le straitéisí laistigh den bplean;
- Naisc ar leith a aithint a d'fhéadfadh a chruthú idir CMgS agus an Institiúid/Eagraíocht Fhreagróra laistigh de chreat an phlean.

## Bronnadh Céime

Reachtáileadh trí shearmanas bronnta céime sa Choláiste ar 21 & 22 Deireadh Fómhair 2010. Bronnadh dámhachtainí ar 996 mac léinn ó 25 clár éagsúla. Féach ar Aguisín 3. Ina óráid ar an lá, dhein an t-Uachtarán comhghairdeachas le gach céimí agus é ag ceiliúradh a ngaiscí acadúla leo atá daingnithe ag Ollscoil. D'fhreastal Iontaobhaithe CMgS agus An Bord Rialaithe ar na Searmanais Bhronnta le Donal Murray, Easpag Ró-Oirmh., agus Uachtarán Ollscoil Luimnigh.



# 2010-2011 Buaicphointí

## MEÁN FÓMHAIR 2010




Ar 3 Meán Fómhair, thug Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, cuairt ar an gcampas chun Bonn Mhic Amhlaoibh a bhronnadh ar an ealaíontóir clúiteach, Imogen Stuart RHA, in onóir don mhéid atá tugtha aici dona hEalaíona in Éirinn. Is é Bonn Mhic Amhlaoibh an dámhachtain is airde a bhronnann an Coláiste. Ainmnithe i gcuimhne ar Catherine McAuley, bunaitheoir Siúracha na Trócaire, in onóir dá tiomantas éachtúil do dhaoine atá ar imeall an phobail agus a bhfuil a tionchar le feiscint fós in éiteas an Choláiste.



D'oscail an Taoiseach, Brian Cowen, Uas., Teachta Dála, an dá fhoirgneamh campais nua, Teamhair agus Tailteann. Cuireann Teamhair faoi dhó le hacmhainn an Choláiste, le 8,500 méadar cearnach de spás breise. Tá amharclann 500 suíochán, ceithre sheomra léachta móra, seomra ranga insamhlaithe, seomraí do mhicritheagasc, seomraí cruinnithe, saotharlanna teagaisc, ríomhlanna, seomraí seimineár, seomra machnaimh, seomraí comhairleoireachta, áiseanna d'Aontas na Mac Léinn agus Fóram Mac Léinn fairsing sa bhfoirgneamh ceithre stór, a tógadh ag costas de €17 milliún. Tógadh Tailteann, coimpléacs spóirt úrscothach mar aon le háis chorpoideachais do bhunmhúinteoirí, sa mbliain 2007 ar chostas €16 milliún agus d'aithin Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann gurb é sin "Foirgneamh Fóillíochta na Bliana 2008."

## DEIREADH FÓMHAIR 2010

Bronnadh Dochtúireachtaí ar 8 mac léinn de chuid CMgS, mar aon le 1000 mac léinn eile ó 22 chontae agus 5 thír éagsúla ar bronnadh dámhachtainí orthu sna ceithre Chlár Fhochéime, i gcláir dhioplóma, i gcláir dhioplóma iarchéime agus i gCláir Mháistreachta an Choláiste.

Bronnadh Dámhachtainí le haghaidh Éachtaí Suntasacha (dámhachtain bronnta ag an gColáiste ar mhic léinn a bhain, i mbliain na dámhachtana, éachtaí suntasacha amach in aon réimse d'iarrachtaí) ar Chlodagh Reidy mar aitheantas dá háit ar an bhfoireann Luimnigh a bhain amach Craobh Sóisearach Uile Éireann Peile na mBan, ar Shane McGrath agus ar Darragh Egan as ucht Craobh Sinsearach Iomána Uile Éireann a bhaint amach le Tiobraid Árann agus ar Kate Crotty, ó Inis, mac léinn ar an gClár i Maireachtáil Chomhaimseartha mar aitheantas don mBonn Óir Náisiúnta Uile-Éireann a bhuaigh sí sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta i Snámh Droma 25m na mBan.

Reachtáil Roinn Léann na Fraincise tionól bhliantúil 2010 den gCumann le Léann na Fraincise in Éirinn (ADEFFI) ar 29 agus 30 Deireadh Fómhair 2010. Ghlac comhghleacaithe agus mic léinn iarchéime atá ag saothrú i ngort léinn na Fraincise ar fud na hÉireann páirt i gceardlann dhá lá i gColáiste Mhuire gan Smál. Toghadh an Dr Loïc Guyon mar Uachtarán ar an gCumann ag an ócáid seo agus toghadh léachtóirí an Choláiste Darach Sanfey agus Gillian Jein mar Chisteoir agus mar Oifigeach Poiblí an Chumainn faoi seach.

## MÍ NA SAMHNA 2010

B'iad Fergus Finlay, Príomhfheidhmeannach ar Charthanacht na bPáistí Barnardo's, agus a bhean Frieda Finlay, Cathaoirleach ar Inclusion Ireland, aíonna speisialta ag Oíche Cheiliúrtha don gClár Píolótach do Mhaireachtáil Chomhaimseartha a reachtáileadh sa Choláiste an mhí seo. Chuir Dámh an Oideachais tús leis an gclár seo i 2010- 2011 agus seoladh go hoifigiúil é ar 2 Mí na Samhna 2010. Chláraigh seisear déag don chéad bhliain den gclár seo. Tá sé mar aidhm ag an gclár ceannródaíoch seo foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do dhaoine le míchumais intleachta, cuimsiú sa timpeallacht tríú leibhéal a chur chun cinn, scileanna sóisialta a fhorbairt trí idirghníomhú, spéiseanna pearsanta oideachasúla a chomhlíonadh, infhostaitheacht aonair a fheabhsú mar aon le saoránacht agus féintreorú iomlán a bhaint amach.

Tugadh coimisiúnaithe éagsúla don ealaíontóir áitiúil David Lilburn agus dona healaíontóirí Anne Cleary agus Denis Connolly chun obair ealaíne nua a chruthú don gColáiste. Níos luaithe i mbliana, do lorg CMgS léirithe spéise ó ealaíontóirí bunaithe faoi Scéim Chlár an Chéatadáin don Ealaín, ar mhaithe le saothar ar leith in aon mheán a chruthú le buiséad de €100,000. Roghnaíodh An tUasal Lilburn agus a bhearta den teideal A Map as 70 iarratas ó chian is ó chóngar, agus b'iad Anne Cleary, Uas., agus Denis Connolly, Uas., lena mbearta den teideal Colour Wheels, na healaíontóirí ráthúla.

## MÍ NA NOLLAG 2010



I 2010, is ar Lá Fondúireachta an Choláiste (Féile na Giniúna gan Smál) a dheineamar cothrom 112 bliana ár mbunaithe a cheiliúradh. Ba é an dáta úd cothrom cúig bliana ó bunaíodh Fondúireacht Choláiste Mhuire gan Smál. Cuireann an Fhondúireacht go mór le réimse de thacaíochtaí mac léinn mar aon le maoiniú a sholáthar chun roinnt sealúchais atá taobh leis an gColáiste a cheannach. Cuireadh tús chomh maith i Mí na Nollag 2010 leis an bhfeachtas ráthúil Buail Fút inar dhein daoine aonaracha agus comhlachtaí éagsúla urraíocht ar shuíocháin in Amharclann nua Chrann Teile ar chostas €250 an cheann.

## EANÁIR 2011




Deineadh ceiliúradh i mí Eanáir ar acmhainn nuálach do dhaoine atá ag saothrú aon ghné d'Oideachas Ceoil nuair a láinseáladh www.irishmusiceducation.ie i gColáiste Mhuire gan Smál le haoichainteoirí Gerry Godley (Láithreoir ar Lyric FM) agus Elaine Agnew (cumadóir clúiteach Éireannach) agus léiriú rannpháirtíochta de The Great Learning de chuid Cardew. Is iad Ailbhe Kenny, léachtóir in Oideachas Ceoil i gCMgS agus Patricia Flynn ó Choláiste Pádraig, Baile Átha Cliath a chruthaigh an láithreán gréasáin, an chéad cheann dá shaghas in Éirinn a stiúrann oideachas ceoil i dtreo nua sa tír. Bunaíodh é chun nasc a chruthú idir dhaoine atá ag saothrú aon ghné d'oideachas ceoil, cleachtas nó taighde, foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, bunaithe sa scoil, sa stiúideó, sa choláiste, san eagraíocht chultúrtha nó sa phobal i gcoitinne, agus idir dhaoine in aon aois ghrúpa nó ag aon leibhéal gairme laistigh den iliomaid seánraí ceoil.

Do sheol An tAire Peter Power, Teachta Dála, siompósiam a reachtáileadh sa Choláiste, inar deineadh ceiliúradh ar an obair a rinne an Lárionad um Fhorbairt Domhanda trí Oideachas, a bhí bunaithe sa Choláiste, le trí bliana. D'fhreastal toscairí ón bPoblacht agus ó Thuaisceart na hÉireann ar an siompósiam seo mar aon le toscairí ón Afraic. Is é an CGDE an príomh-chomhpháirtí i gcuibhreannas de dháréag Institiúidí ArdOideachais

# 2010-2011 Buaicphointí

## EANÁIR (AR LEAN) 2011

Éireannacha agus dhá institiúid san Afraic mar aon le dhá Roinn Oideachais ó Leosóta agus Uganda. Tugtar maoiniú don gCuibhreannas ón gClár um Chomhoibriú Straitéiseach idir Irish Aid agus Institiúidí ArdOideachais agus Taighde (2007-2011).

Mar thoradh ar chuairt an Dr Loïc Guyon go dtí an Lycée Militaire (Coláiste Míleata) in Aix-en-Provence (An Fhrainc) i Mí na Samhna 2010, síníodh comhaontú idirinstitiúideach ina dtairisceofar cúntóireacht sa Bhéarla gach bliain do chéimí BA nó B.Oid ó Choláiste Mhuire gan Smál. Is é atá i gceist leis an gcúntóireacht ná 12 uair a chloig teagaisc in aghaidh na seachtaine do bhliain scoile iomlán (ó Dheireadh Fómhair go Aibreán) do thuarastal míosúil de €900. Cuirfear cóiríocht agus béilte saor in aisce ar fáil don gCúntóir Teanga ó Choláiste Mhuire gan Smál sa Choláiste Míleata, atá suite i lár na cathrach d'Aix-en-Provence.

## FEABHRA 2011



Bhí curaidh spóirt óga na hÉireann i láthair nuair a bronnadh Dámhachtainí Sparanáchta CLG ar dheichniúr de na lúthchleasaithe is fearr sa Choláiste. Is é Robert Frost, Uas., Leas-Chathaoirleach Chomhairle na Mumhan den CLG a bhronn sé sparánacht Ardoideachais urraithe ag Comhairle na Mumhan, le luach €1000 an cheann. Seo a leanas buaiteoirí na ndámhachtainí: Róisín McMahon, Curadh faoi aois Camógaíochta agus Peile ó Chontae an Chláir agus buaiteoir bonn Chorn Uí Loinsigh 2010, Eanna O'Connor, Curadh Peil Ghaelach Mhionúir na Mumhan ó Chiarraí, Shane Nolan, Curadh Sóisear Iomána na Mumhan le CMgS agus imreoir i gcluiche ceannais peile an Chontae 2010 ó Thiobraid Árann, Fiachra Lynch, Curadh Peile Idirmheánach Chorcaí agus Seaimpín Peile Sinsearach Uile-Éireann 2010, Niamh Ní Chaoimh, imreoir sinsearach Camógaíochta agus Peile CMgS, buaiteoir Chorn Uí Loinsigh agus Shraith Roinn a Dó, agus Elaine Doyle, buaiteoir 5 bhonn Sinsearach Uile-Éireann, 5 bhonn Phríomhshraithe Náisiúnta Peile agus 7 mbonn Peile Sinsearach na Mumhan le Corcaigh.

Sa phictiúr tá (ó chlé): Shane Nolan ó Thiobraid Árann; Róisín McMahon ó Chontae an Chláir; Niamh Ní Chaoimh ó Chorcaigh; Robert Frost, Leas-Chathaoirleach ar Comhairle na Mumhan den CLG; Elaine Doyle ó Chorcaigh; Éanna O'Connor ó Chiarraí agus Fiachra Lynch Ó Chorcaigh.

## MÁRTA 2011



Ar 4 Márta reachtáileadh Comhdháil Bhliantúil Institiúid na dTreoirchomhairleoirí i dTeamhair. Cuireadh fáilte roimh ós cionn 500 treoirchomhairleoir ar an gcampas i rith an lae úd. Thug an ócáid deis iontach don gColáiste na háiseanna iontacha atá ann do mhic léinn a léiriú agus bhí aíonna na comhdhála an-tógtha le bonneagar nua an champais agus leis an bhfáilte a cuireadh rompu.

Faoi scáth Chiorcal Feiniméaneolaíoch na hÉireann, reachtáil Roinn na Fealsúnachta i gColáiste Mhuire gan Smál ceardlann idir-institiúideach thar a bheith speisialta, in onóir do shaothar Martin Heidegger (1889-1976) agus Emmanuel Levinas (1906-1995), ar an Aoine agus ar an Satharn, 25 & 26 Márta, 2011.

## AIBREÁN 2011



I mí Aibreáin d'fhógair Coláiste Mhuire gan Smál go rabhthas tar éis An tOllamh Mícheál A Ó hAodha a cheapadh mar Uachtarán nua an Choláiste, chun teacht i gcomharbacht ar An Ollamh Peadar Ó Croimín, ar chríochnaigh a théarma oifige ar 31 Lúnasa, 2011. Chuir Cathaoirleach Bhoird Rialaithe Choláiste Mhuire gan Smál, An tAth Ró-Oirmh, in iúl go raibh *"(there was) an exceptional field of candidates for this post and we are extremely fortunate and pleased that Professor Hayes has accepted the offer of the position and is looking forward to bringing his experience to bear on the challenges which face Mary Immaculate College in a rapidly changing Ireland."*

## BEALTAINE 2011



D'oscail Ruairí Quinn, Uas., TD, Aire Oideachais & Scileanna, Ionad Barr Feabhais Náisiúnta i Múineadh agus i bhFoghlaim na Matamaitice agus na hEolaíochta go hoifigiúil. Comhpháirtíocht atá ann le hOllscoil Luimnigh faoi choimirce Chuibhreannais na Sionainne, tabharfaidh an tIonad tacaíocht do mhúineadh na Matamaitice agus na hEolaíochta Bunscoile trí a chlár staidéar iarchéime go leibhéal na Máistreachta agus na Dochtúireachta agus trí a chlár um fhorbairt leanúnach do bhunmhúinteoirí sa mhatamaitic agus san eolaíocht. Is iad bun-aidhmeanna an NCE MSTL ná aghaidh a thabhairt ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na matamaitice agus na heolaíochta, ar aon líne leis an ndréacht-phlean uimhearthachta a foilsíodh le déanaí, leis an aidhm go n-ardófar líon na mac léinn a roghnaíonn ceann de na hábhair seo agus méadú a rannpháirtíocht ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile tríd chomh fada leis an tríú agus an ceathrú leibhéal.

I mBealtaine tháinig an foilseachán seo a leanas ar an saol: Voyage et Théâtre du XVIe au XIXesiècle, Loïc P. Guyon et Sylvie Requemora-Gros (eag.) (Paris: Presses de l'Université Paris-Sorbonne, coll. 'Imago Mundi', 2011). Is é Loïc Guyon a dhein comh-eagarthóireacht ar an imleabhar seo a phléann leis an léiriú a rinneadh ar taisteal ar ardán amharclainne na Fraince ón séú haois déag go-dtí an naoú haois déag. Is é seo an chéad staidéar cuimsitheach a cuireadh le chéile ar an ngné áirithe seo den litríocht taistil. Tá an leabhar seo dírithe ar fhoinsí an andúchasachais amharclainne, athchóirithe stáitse de scéalta taistil, ar na dúshláin ealaíonta agus teicniúla a bhaineann le taisteal a léiriú ar stáitse, agus ar na comhthéacsanna idé-eolaíochta inar scríobhadh agus inar léiríodh na drámaí siúd.

Reachtáil Roinn na Tíreolaíochta Comhdháil Bhliantúil Tíreolaithe na hÉireann ón Aoine 6 Bealtaine go-dtí An Domhnach 8 Bealtaine 2011. Is í seo an príomh-thionól acadúil de

# 2010-2011 Buaicphointí

## BEALTAINE AR LEAN 2011

thíreolaithe tríú leibhéal atá ag saothrú in Éirinn, nó ag plé le tíreolaíocht na hÉireann ina gcuid oibre.

Mheall ócáid 2011 rannpháirtithe óna Stáit Aontaithe, ó Cheanada, ón bhFrainc, ón Ísiltír, ón bhFionnlainn agus ón Ríocht Aontaithe, agus ó Éire ar ndoigh. Tugadh páipéir ar ábhair éagsúla thar réimse na tíreolaíochta: dhírigh seisiúin ar na téamaí seo a leanas: athrú aeráide, caomhnú, oidhreacht agus tírdhreach; difríocht agus spás sa chathair; tíreolaíochtaí nua i gcúram sláinte; oideachas tíreolaíoch; tírdhreach agus cuimhne; agus imircigh, brí agus féiniúlacht. Is é an tOllamh Kevin Ward ó Ollscoil Manchester, agus ba iad An tOllamh Audrey Kobayashi agus an tOllamh Doug Richardson, Uachtarán agus Príomhfheidhmeannach faoi seach ar (an) Association of American Geographers aíonna speisialta na Comhdhála.

## MEITHEAMH 2011



Bhí dúil páistí scoile sa sacair soiléir le feiscint an mhí seo i gColáiste Mhuire gan Smál nuair a ghlac ós cionn 120 páiste ó scoileanna áitiúla páirt sa tríú chomórtas sacair bliantúil League o'Legends reachtáilte ag an Aonad Forbartha Curaclaim sa Choláiste. Bhí 13 foireann ó scoileanna náisiúnta áitiúla in iomaíocht lena chéile agus léiríodh sár-scileanna sacair le linn an chomórtais, b'iad Scoil Náisiúnta Naomh Áine, Ráth Caola agus Scoil Íosagáin, Luimneach curaidh League o'Legends 2011. Is é atá i gceist le comórtais bliantiúl League o'Legends ná comhfhiontar idir 'Claochlú an Oideachais trí Chomhphlé', tionscnaimh an Choláiste bunaithe san Aonad Forbartha Curaclaim a oibríonn go díreach le scoileanna náisiúnta agus scoileanna dara leibhéal, agus líonra scoile PLUS ina bhfuil ionadaithe ó 18 scoileanna áitiúla i Luimneach. Tá sé mar aidhm ag an gcomórtas comhpháirtíocht a chruthú idir na scoileanna agus an Coláiste mar aon le seans a thabhairt do na mic léinn cuairt a thabhairt ar champas tríú leibhéil agus úsáid a bhaint as Tailteann, an coimpléasc spóirt atá lonnaithe i gColáiste Mhuire gan Smál.

Ghlac Roinn Léann na Gearmáinise páirt i bhFéile Foghlama feadh an tsaoil Luimnigh. D'eagraigh Christiane Schonfeld taispeáint saor in aisce don bpobal de scannán Solino le Fatih Akin a bhí urraithe ag Roinn Léann na Gearmáinise, Coláiste Mhuire gan Smál agus ag an Goethe Institut Baile Átha Cliath. Ina scannán, insíonn an scannánóir Tuirceach-Gearmánach Fatih Akin scéal clann Amato, lánúin Iodálách agus a bheirt mhac a d'fhág baile beag Solino chun dul chun na Gearmáine sna seascaidí ag lorg fostaíochta. Is scannán rómánsúil agus greanntraigéideach é sa chur síos a thugann sé ar chairdeas agus ar ghrá. Taispeánadh an scannán sa bhun-Ghearmáinis le fo-theidil sa Bhéarla.

Thug Ambasadóir na Fraince chun na hÉireann, A hOirirceas Emmanuelle d'Achon, Uas., i bhfochair an Dr Hadrien Laroche (Comhairleoir Eolaíochta & Cultúrtha), cuairt ar Choláiste Mhuire gan Smál ar an Aoine 24 Meitheamh 2011. Chuir an tUachtarán, Déan na nDán agus Ceann Roinn Léann na Fraincise roimpi os comhair fhoirgnimh Teamhair agus tugadh ar thuras treoraithe thimpeall an champais iad. Bhuail siad le baill foirne

## MEITHEAMH AR LEAN 2011


agus le mic léinn ó Roinn Léann na Fraincise chomh maith. Reachtáileadh fáiltiú sa Seomra Gorm mar aon le cruinniú baill de Choiste Feidhmiúcháin Cumann le Léann na Fraincise in Éirinn (ADEFFI, www.adeffi.ie) mar chríoch ar a cuairt.

Ar 27 Meitheamh, rinne David Ledent (Mac léinn agus Cúntoir Teagaisc i Roinn Léann na Fraincise) a dara agallamh den mbliain acadúil 2010-2011 ar France Culture, ceann de na stáisiúin raidió náisiúnta is mó le rá sa bhFrainc. Tugadh cuireadh do David labhairt faoina leabhar is déanaí faoin socheolaí Fraincise Emile Durkheim. Thug Raphael Enthoven, an fealsúnaí Fraincise cáiliúil, cuireadh cheana do David Ledent labhairt beo ar France Culture ar 15 Mí na Samhna 2010 chun labhairt faoina mhonagraf ó 2009 faoi shaol agus faoi shaothair an tsocheolaí Gearmáine Norbert Elias.

## IÚIL 2011



Thug an Dr Joseph McFadden, Uachtarán Emeritus agus Ollamh Staire in Ollscoil Naomh Tomás Acain (UST) i Texas, SAM agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Chomhairle Idirnáisiúnta Ollscoileanna Naomh Tomás Acain (ICUSTA), cuairt ar Choláiste Mhuire gan Smál in éineacht lena bhean chéile Norma. Tá sé mar phríomhaidhm ag ICUSTA comhoibriú agus tuiscint idirnáisiúnta a spreagadh i measc a mball. Cothaíonn ICUSTA malartuithe mac léinn agus dáimhe trí chomhaontuithe déthaobhacha agus cuireann sé tionscnaimh chomhoibrithe eile chun cinn cosúil le tairiscintí arlíne a bhain le domhandú, deiseanna malartaithe dáimhe, agus taighde dáimhe comhoibritheach.



# Eochairghníomhaíochtaí i 2010-11

Ceol i gCMgS

Tháinig Cumann Córúil CMgS le chéile le hAontas Córúil Luimnigh chun Elijah le Mendelssohn a chur i láthair i gCeoláras na hOllscoile ar 9 Aibreán 2011 faoi stiúr an Dr. Gareth Cox (Ceann Roinn an Cheoil).

Léirigh mic léinn ceoil ó CMgS coirmcheoil am lóin in ArdEaglais Naomh Mhuire, Luimneach ar 11 Bealtaine 2011.

Naisc Idirnáisiúnta

**Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil Erasmus**

I 2010-11 fuair an Coláiste deontas iomlán de €64,256 faoi Chlár Foghlama ar Feadh an tSaoil Erasmus tríd an tÚdarás um Ard-Oideachas. Briseadh an deontas seo síos mar a leanas:
€29,584 do shoghluaisteacht mac léinn do staidéar (SMS);
€26,137 do shoghluaisteacht mac léinn do shocrúcháin (SMP);
€2,295 do shoghluaisteacht foirne – tascanna teagasc (STA);
€6,240 chun soghluaisteacht a eagrú ar bhonn na soghluaisteachta mac léinn agus foirne thuasluaite.

In 2010-11, íocadh amach iomlán de €57,565.91 i dtacaíocht FFS Erasmus, leis an mbriseadh síos mar a leanas:
€29,583 do shoghluaisteacht mac léinn do staidéar (SMS) – 22 mac léinn;
€26,137 do shoghluaisteacht mac léinn do shocrúcháin (SMP) – 9 mac léinn;
€1,034.98 do shoghluaisteacht foirne – tascanna teagaisc (STA) – múinteoir amháin;
€810.93 chun soghluaisteacht a eagrú ar bhonn na soghluaisteachta mac léinn agus foirne thuaisluaite.

**Mac Léinn Seach-champais CMgS FFS Erasmus 2010 – 2011**

D'éirigh le 22 mac léinn deontais Foghlama ar Feadh an tSaoil Erasmus a ghnóthú chun staidéar a dhéanamh ag Institiúid Chomhpháirtíochta Eorpach i 2010-11; chuaigh triúr go dtí Augsburg (Universität Augsburg), beirt go dtí Bamberg (Otto-Friedrich-Universität), beirt go dtí Jena (Friedrich Schiller Universität), ceathrar go dtí Aarhus (Århus Universitet), ceathrar go dtí Huelva (Universidad de Huelva), beirt go dtí Clermont-Ferrand (Universit Blaise Pascal), triúr go dtí Tours (Universit Francois Rabelais), mac léinn amháin go dtí Carmarthen (Coláiste na Tríonóide) agus mac léinn amháin go dtí Glamorgan (Ollscoil Glamorgan). Bronnadh deontais Erasmus FFS ar 9 mac léinn chun tabhairt faoi shocrúchán oibre san Eoraip agus rinne na mic léinn go léir socrúchán oibre 'Múineadh an Bhéarla mar Theanga Iasachta' sa Spáinn.

**Mic léinn Idirnáisiúnta Malartaithe Erasmus FFS**

Chuir an Coláiste fáilte roimh 72 mac léinn idirnáisiúnta i rith 2010-11. As an iomlán seo ba mhic léinn FFS Erasmus 46 daoibh ónár líonra ollscoileanna malartaithe comhpháirtíochta san Eoraip mar aon le mic léinn ó nasc táille le hInstitut Catholique d'Études Sup Rieures, La Roche Sur Yon. Rinne 43 de na mic léinn seo seimeastar amháin de staidéar malairte (22 i rith seimeastair an Fhómhair agus 21 i Seimeastar an Earraigh) agus chaith an dáréag eile bliain iomlán ag staidéar i gCMgS don mbliain acadúil iomlán 2010-11. Tháinig mic léinn ón Ostair (8 mac léinn), ón mBeilg (beirt mhac léinn), ón bhFionnlainn (triúr mac léinn), ón bhFrainc (17 mac léinn), ón nGearmáin (6 mac léinn), ón Iodáil (beirt mhac léinn), ón Spáinn (9 mac léinn), ón tSualainn (beirt mhac léinn) agus ón Ísiltír (6 mac léinn).

**Soghluaisteacht an Mhúinteora FFS Erasmus**

Fuair an Coláiste deontas de luach €2,295 do Shoghluaisteacht Múinteoirí FFS Erasmus i 2010-11. Chaith ball dáimhe ó Roinn na Diagachta agus Staidéar na Reiligiúin cúig lá ar chuairt shoghluaisteachta teagaisc i bhFaculteit der Godsgeleerdheid, Katholieke Universiteit Leuven i bhFeabhra 2011 agus aimsíodh deontas Erasmus de luach €1,034.98 chuige dá bharr.



Mic Léinn Seach-champais CMgS san Astráil agus i SAM
Chaith iomlán de 19 mac léinn tréimhsí ag staidéar in institiúidí comhpháirtíochta an Choláiste san Astráil agus i SAM le linn 2010-11; chaith beirt mhac léinn am ag staidéar in Ollscoil Chaitliceach na hAstráile i Melbourne, 11 mac léinn ag Ollscoil Stáit Frostburg i Maryland, 5 mac léinn in Ollscoil Loyola University i Chicago agus mac léinn amháin i gColáiste Thomas More i Kentucky.



**Socrúcháin Oibre eile Thar Lear 2010 – 2011**

Rinne triúr mac léinn cláir intéirneachta struchtúrtha ag Crotched Mountain Rehabiliation Center i New Hampshire, SAM. Tugadh deis luachmhar do mhic léinn Síceolaíochta taithí oibre phraiticiúil a fháil i suíomh dírithe ar chliaint. Dhein mac léinn eile an cinneadh tabhairt faoi shocrúchán oibre bliana ag múineadh an Bhéarla mar theanga iasachta le AITECE (Cumann um Mhalartú Teagaisc, Oideachais agus Curaclaim) i Chongquin sa tSín. Chaith mac léinn eile a socrúchán oibre an Earraigh ag obair sa Roinn Margaíochta & Caidrimh Phoiblí i Stór Ilrannach Harvey Nichols i Londain sa Ríocht Aontaithe.

**Mic Léinn Malartaithe Idirnáisiúnta ón Astráil & SAM**

Chuir an Coláiste fáilte roimh 72 mac léinn idirnáisiúnta le linn 2010-11; b'iad mic léinn nach raibh baint acu le hErasmus 17 den iomlán ónár líonra d'institiúidí comhpháirtíochta malartaithe san Astráil agus i SAM. Dhein na mic léinn go léir seimeastar amháin staidéar malartaithe (5 i seimeastar an Fhómhair agus 12 i seimeastar an Earraigh). Tháinig na mic léinn ó: Ollscoil Chaitliceach na hAstráile i Melbourne na hAstráile (beirt mhac léinn), Ollscoil Stáit Frostburg i Maryland (ceathrar mac léinn), Ollscoil Naomh Thomáis, Houston, Texas (mac léinn amháin), ó Choláiste Thomas More, Kentucky (mac léinn amháin), ó Choláiste Le Moyne i Syracuse, NYC (triúr mac léinn), Ollscoil Longwood, Virginia (beirt mhac léinn), Ollscoil Loyola, Chicago (beirt mhac léinn) agus Ollscoil Regis i Denver, Colorado (beirt mhac léinn).

## Cumann Sóisialta CMgS

Tá gníomhaíochtaí á eagrú ag Cumann Sóisialta na Foirne i gColáiste Mhuire gan Smál dá bhaill ó 2003. Faoi láthair tá os cionn 140 ball sa chumann. I measc na n-imeachtaí a eagraíodh i 2010-11 bhí turas mara ar Abhainn na Sionainne chomh maith le féasta i gCaisleán Bhun Raite. Anuas ar seo, reachtáileadh Cóisir na Nollag do Pháistí i Halla an Choláiste agus bhuail os cionn 70 páiste le Daidí na Nollag ar an lá. Le linn 2010-11 roghnaigh an Cumann Sóisialta Fondúireacht Make A Wish mar a charthanacht. De bharr na tacaíochta a tugadh dá imeachtaí éagsúla, an Díolachán Cístí ach go háirithe, bhí baill an Chumainn in ann seic de luach €4059.64 a bhronnadh ar Make a Wish i mBealtaine 2011.



an choláiste

CMgS

Forbairt Ghairmiúil

**Máistreacht i tSíceolaíocht an Oideachais**
Tá an Mháistreacht seo ar cheann de dhá chúrsa gairmiúil iarchéime i tSíceolaíocht an Oideachais atá ar fáil i bPoblacht na hÉireann. Aitheanta ag Cumann Síceolaithe na hÉireann, tairiscíodh an clár seo don chéad uair ag Roinn an Oideachais i 2010-2011. Is cúrsa lán-aimseartha dhá bliana atá i gceist agus chláraigh aon mhac léinn déag don gclár seo i Meán Fómhair 2010.

**Teastas/Dioplóma Iarchéime i bhForbairt an Mhúinteora**
Cuireadh tús leis an gClár Teastais Iarchéime ar 15 Deireadh Fómhair le modúl ar Chleachtas Gairmiúil. Bhí an clár oscailte do mhúinteoirí le spéis acu i bhfoghlaim ghairmúil múinteoirí. Roimhe seo, bhí an clár teoranta do mheantóirí a bhí oilte faoin dTionscadal Píolótach Náisiúnta um Ionduchtú Múinteoirí.

Seirbhísí don bPobal

I gcomhréir lena éiteas, agus lena mhisean chun cearta agus cothromas sóisialta a bhaint amach sa tsochaí, cuireann an Coláiste réimse seirbhísí ar fáil do phobail áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is baill iad ár n-acadóirí de chumainn cosúil le Cumann Tíreolaíochta na hÉireann, le Cumann Ceoil Idirnáisiúnta, le Cumann Oideachas Idirnáisiúnta agus Comparáideach na Breataine, tá baint acu le coistí chomh maith, cosúil le Coimisiún na Sochaí Faisnéise de chuid Rialtas na hÉireann, is léirmheastóirí roinnt mhaith acu; baill Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais, eagarthóirí agus meastóirí deontais thaighde, ceapadh roinnt bhaill foirne mar scrúdaitheoirí seachtracha i gcoláistí agus in Ollscoileanna eile in Éirinn agus thar lear.

**Dráma Gearmáinise do Pháistí Bunscoile i gCMgS:**
De réir suirbhé a dhein Eurostat le déanaí tá an leibhéal is lú san Eoraip i dteagasc teangacha iasachta i Scoileanna Náisiúnta na hÉireann (Irish Times, 25.09.2010). Ag an am gcéanna, tá béim á chur ag fostóirí ar an riachtanas atá ann go mbeidh scileanna i dteanga iasachta ag céimithe Éireannacha agus ar an tábhacht a ghabhann le teangacha iasachta a thabhairt isteach go luath i dtimthriall an oideachais: "There has been a growing interest in teaching and learning modern foreign languages at primary level in Europe and research shows how enthusiastic teachers and children are. As well as learning languages it helps with cultural awareness and combats stereotypes, and the children are geared up for it when they go to secondary school." (Georgia Herlt, Goethe-Institut Irland).

Ar 12 Deireadh Fómhair 2010 thug daltaí atá ag foghlaim na Gearmáinise i scoileanna náisiúnta in Áth Dara agus i mBaile an Fhaoitigh (Co Luimnigh) cuairt ar CMgS do 'Cheacht Gearmáinise' an-speisialta. Tar éis dóibh taitneamh a bhaint as léiriú amharclainne den bhfinscéal 'Schneewittchen', curtha i láthair ag an aisteoir Simone Mutschler, ghlac na páistí páirt i gceardlanna drámaíochta idirghníomhacha trí mheán na Gearmáinise le mic léinn dara bliana i Léann na Gearmáinise. Bhí na mic léinn tar éis ullmhú don ócáid trí fhreastal ar ranganna teagaisc maidir le Gearmáinis a múineadh trí dhrámaíocht eagraithe ag Roinn Léann na Gearmáinise. Bhí am iontach ag na páistí agus na mic léinn ar aon. Is iad Sabine Egger ó Roinn Léann na Gearmáinise (le tacaíocht ó Roinn Oideachas na Drámaíochta), CMgS, Georgia Herlt, Goethe-Institut Irland, agus Gina Reilly ón tionscnamh Nuatheangacha i mBunscoileanna.

**Coiste Seirbhísí Leanaí (CSC)/Athghiniúint TED**
Bhí baill foirne an tionscadail 'Claochlú an Oideachais trí Chomhphlé' ag comhoibriú le fo-Choiste Taighde Coiste Seirbhísí Leanaí chun clár a dhearadh faoi conas gur féidir seirbhísí do leanaí a fhorbairt i gCathair Luimnigh. Tá an clár bunaithe ar chlár taighde ceithre chéim, ar cuireadh tús leis i rith an tsamhraidh 2011.

D'éirigh leis an Ollamh Des McCafferty, an Dr. Angela Canny, an Dr. Ann Higgins agus an Dr. Eileen Humphreys, (comhairleoir seachrach neamhspleách) tairiscint a dhaingniú chun sonraí bonnlíne a bhailiú faoi cháilíocht beatha páistí sa chathair, eadhon 'How Are Our Kids'.

An tAonad Forbartha Curaclaim

## An tAonad Forbartha Curaclaim

D'aimsigh an tAonad Forbartha Curaclaim maoiniú €93,000 ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun tabhairt faoi thionscadal taighde spriocthа thar tréimhse dhá bhliain i gcomhpháirtíocht le Coiste Cúram Páistí Chathair Luimnigh. Bhí sé mar aidhm ag an staidéar seo creatlach um ghníomhaíocht a fhorbairt chun tacú le cleachtóirí luath-óige cleachtais uileghabhálach a chur chun cinn agus straitéisí ar bhonn fianaise a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais páistí óga le Riachtanais Speisialta Oideachais i suíomhanna luath-óige. Cuireadh an Creatlach um Ghníomhaíocht agus an Tuarascáil Taighde i láthair na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar 11 Mí na Samhna, 2010. Thug Mary Moloney agus Eucharia McCarthy cur i láthair ar an staidéar taighde seo d'oifigigh shinsearacha ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón gComhar Náisiúnta Deonach um Chúram Léanaí, ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus ó pháirtithe leasmhara in earnáil an Chúraim & Oideachais Luath-Óige. Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Is féidir an tuarascáil taighde deireanach agus an Creatlach um Ghníomhaíocht a fháil ar fhormáid leictreonach ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Aonad Forbartha Curaclaim i gColáiste Mhuire gan Smál. Deineadh roinnt cóipeanna chrua a chur i gcló i gcomhair scaipthe.



Chomhoibrigh An tAonad Forbartha Curaclaim le Forbairt Shionainne, IT Thrá Lí agus Jerry Kennelly (Tweak.com) i 2010 chun an Clár Fiontraí Sóisearaigh a fhorbairt agus a sheachadadh, dearadh an clár seo chun oideachas fiontraíochta a thabhairt isteach sa chóras bunscoile. D'éirigh go hiontach leis an gClár Fiontraí Sóisearaigh, le breis is 700 dalta ó Rang a 5 agus a 6 rannpháirteach ann i scoileanna náisiúnta i gCiarraí.

Cuireadh ceardlanna oiliúna ar fáil do mhúinteoirí agus do phríomhoidí rannpháirteacha i dTrá Lí sar a cuireadh tús leis an gclár a cuireadh i bhfeidhm ansin i scoileanna thar tréimhse deich seachtaine (Feabhra go Aibreán 2011). Is iad Eucharia McCarthy, Stiúrthóir CDU agus Breda O' Dwyer, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí a rinne comhbhainistiú ar an gclár seo. Is í Noranne O'Sullivan a d'ullmhaigh paca acmhainní mar thacaíocht don gclár seo.

Is leabhar cócaireachta ina raibh oidis ó bhialanna, ó chaiféanna agus ó thábhairní as Neidín a bhain gradaim éagsúla amach a bhain an phríomhdhuais sa chéad Clár Fiontraí Sóisearaigh. Ghnóthaigh 21 mac léinn ó Rang a 5 i Scoil Náisiúnta Naomh Chláir ar an Neidín an phríomhdhuais lena bhfoilseachán, 'Kenmare in our Kitchen', a eisíodar mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa chlár. Toisc gur d'éirigh chomh maith sin leis an gclár píolótach táthar chun rolladh amach níos cuimsithí a dhéanamh ar an gClar Fiontraí Sóisearaigh sna blianta amach romhainn.

### Measúnú Incredible Years

Dhaingnigh TED tairiscint phoiblí chun measúnú a dhéanamh ar chlár Incredible Years Luimnigh (riartha ag Comhpháirtíocht PAUL Partnership). Is iad Eucharia McCarthy, Sandra Ryan, Karen Mahony agus Fiona O'Connor a rinne bainistiú agus stiúradh ar an measúnú seo.

Aontas an Mac Léinn

## Aontas Mac Léinn Coláiste Mhuire gan Smál (MISU)

Ba bhliain shuntasach í Bliain Acadúil 2010-2011 d'Aontas na Mac Léinn agus ceann inar leagadh suntas ar an gcaidreamh oibre dearfach atá ann idir Aontas na Mac Léinn agus an Coláiste. I Meitheamh 2010, bhog Aontas na Mac Léinn isteach ina spás tiomanta nua i bhfoirgneamh Teamhair. Is é atá sa spás seo ná sraith oifigí d'Oifigigh Sabóideacha agus d'Fhoireann an Aontais, seomra cruinnithe do Choiste Gnó an Aontais agus do Chlubanna agus do Chumainn, tolglann nua do mhic léinn agus siopa nua. Tógadh an foirgneamh seo, maoinithe ag Aontas na Mac Léinn agus tobhach mac léinn, mar thoradh an obair chrua atá déanta thar na mblianta ag Aontas na Mac Léinn agus ag Bainistíocht an Choláiste. Gach lá oibríonn Aontas na Mac Léinn

an choláiste

i gcomhar le Foireann agus le Bainistíocht an Choláiste ar cheisteanna acadúla agus ar cheisteanna a bhaineann le leas agus sláinte na mac léinn. Seo a leanas samplaí den chomhoibriú a tharla i rith na bliana acadúla 2010-2011 le seirbhísí CMgS;



- Oifig Rochtana/Míchumais
- Comhordaitheoir Mac Léinn/Tuismitheora
- Ionad Leighis
- An Séiplíneacht
- An Oifig Socrúcháin
- Cothú Sláinte
- An tSeachtain Ionduchtaithe

Thairg Aontas na Mac Léinn, i gcomhar le Fondúireacht CMgS, réimse sparántachtaí do mhic léinn fhochéime, faoin dteideal Dámhachtain Feabhais. Tugann na dámhachtainí aitheantas do mhic léinn fhochéime a léiríonn barrfeabhais d'aon tsaghas in aon réimse iarrachtaí, limistéir cosúil le ceol, na healaíona agus spórt mar shampla. Bronnadh Dámhachtain ar cheathrar i 2010-2011, le luach €500 ar gach dámhachtain. Thug Aontas na Mac Léinn €1,000 i dtreo chostaisí na nDámhachtainí i 2010-2011.

## Seirbhísí Tacaíochta

**Comhordaitheoir Mac Léinn-Tuismitheora**

Cuireadh tús le linn na bliana acadúla 2010/2011 le Comhaontú Deontais i gCabhair le Clár um Thoirchis Ghéarchéime an FSS, mar aon le páirt-mhaoiniú ó Aontas na Mac Léinn, chun go mbeadh clár an Chomhordaitheora Mac Léinn-Tuismitheora ag leanúint ar aghaidh ar feadh trí bliana eile. Cuireadh le scóip an tionscadail ó thacaíocht duine le duine amháin chun tacaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí mar aon le líonrú do mhac léinn-tuismitheoirí agus bunaíodh colún taighde ar mhaithe le hacmhainní eolais agus treoirlínte um dhea-chleachtais a fhorbairt chun tacú le mic léinn atá ag coinne/mac léinn-tuismitheoirí ar bhonn náisiúnta. Méadaíodh an tionscadal chomh maith ó thaobh pearsanra de, earcaíodh taighdeoir neamhspleách chun oibriú lá amháin sa tseachtain leis an gComhordaitheoir agus comh-áisitheoir chun oibriú leis an ngrúpa mac léinn tuismitheoirí (maoinithe ag Aontas na Mac Léinn). Bhí baint ag 73 mac léinn ina iomláine leis an tionscadal seo le linn 2010/2011 agus baineadh amach na spriocanna seo a leanas:

- Tacaíocht Duine le Duine
- Fóram Mac Léinn-Tuismitheora
- Imeachtaí ar champas a thacaíonn le páistí agus le mac léinn tuismitheoirí
- Foghlaim/Dea-chleachtas/Oiliúint a roinnt

## Cothú Sláinte

Bhog an Oifig um Chothú Sláinte go-dtí suíomh lárnach nua i nDeireadh Fómhair 2010. Chuir an t-athlonnú seo le hinfheictheacht na seirbhíse agus neartaíodh a ról agus a ábharthacht don gColáiste dá bharr. Déantar cur síos anseo thíos ar dhá cheann de na cúrsaí/seisiúin a reachtáileadh ag an Aonad um Chothú Sláinte i rith na bliana:

Reachtáileadh clár sé seachtaine um scileanna saoil do chóhort de 36 mac léinn i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2010. Dhírigh an cúrsa deonach seo ar an aistriú ó oideachas dara leibhéal go dtí oideachas tríú leibhéal agus ar fhorbairt scileanna riachtanacha cosúil le cinnteoireacht, le treallús, le cumarsáid, le scileanna eagrúcháin agus staidéir. Mhol mic léinn an cúrsa go hard agus bhíodar den tuairim gur chabhraigh sé go mór leo agus iad ag cur tús le saol nua sa choláiste. Mholadar chomh maith go mba cheart an cúrsa a chur ar fáil do gach mac léinn.

Tugadh deis do mhic léinn agus do bhaill foirne díriú ar mheabharshláinte a chur chun cinn agus ar fhéinmharú a chosc nuair a reachtáil Oifig Luimnigh um Fhéinmharú a Chosc cúrsa SafeTALK i Mí na Samhna 2010. Tugadh faisnéis do mhic léinn agus don bhfoireann faoina fachtóirí riosca a bhaineann le féinmharú agus tugadh deis dóibh an cheist seo a phlé. Tugadh sonraí dóibh

chomh maith faoina seirbhísí tacaíochta atá ann do dhaoine atá i mbaol lámh a chur ina mbás féin. Anuas ar seo, thug Headline: Clár Náisiúnta Monatóireachta na Meáin do Mheabharsláinte agus Féinmharú cuairt ar an gColáiste chun cur i láthair a dhéanamh dona Mic Léinn Dioplóma Iarchéime maidir le léirithe sna meáin faoi cheisteanna meabhairshláinte.

## Oifigeach na Gaeilge

Mar chomhlacht poiblí tá dualgas reachtúil ar Choláiste Mhuire gan Smál, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar don bpobal atá ar chomhchéim leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí mheán an Bhéarla. De bharr na reachtaíochta seo agus toisc go bhfuil tiomantas ar leith ag an gColáiste don teanga, atá luaite go sonrach i ráiteas misin an Choláiste: "Cuireann an Coláiste féinaithne chun cinn a bhfuil traidisiún Caitliceach an Choláiste mar chuid shaibhir di, chomh maith le cultúr, teangacha agus traidisiúin na hÉireann agus tiomantas speisialta an Choláiste don Ghaeilge" deineadh cinneadh Oifigeach Gaeilge lán-aimseartha a fhostú i 2005 chun feidhmiú mar chomhordaitheoir, mar áisitheoir agus mar threoraí na ngníomhaíochtaí a chuirfeadh an Ghaeilge chun cinn i measc na foirne i gCMgS. Tá cur chun cinn na teanga i measc phobail uile an Choláiste mar phríomh-aidhm an Oifigigh Ghaeilge.





Le linn na bliana acadúla 2010-2011 cuireadh ranganna agus deiseanna eile um fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil don bhfoireann. Ar cheann de bhuaicphointí 2010-2011 bhí Seachtain na Gaeilge a reachtáileadh i mí na Márta, i measc na n-imeachtaí a cuireadh ar siúl i rith na seachtaine bhí seo aonair cáiliúil Gerry Motherway In High Germany, craoladh beo den gclár 'An Saol Ó Dheas' de chuid Raidió na Gaeltachta ó CMgS, An Dreoilín (flash mob as Gaeilge) le mic léinn agus baill foirne sa bhFáiltiú; Tráth na gCeist Bord don bhfoireann agus Traid Factor a bhí ar siúl i dTeach Tábhairne Dolans. Reachtáileadh Dáil Thuamhumhan le linn Seachtain na Gaeilge chomh maith, thug Cathal de Paor, Seosamh Ó Cuinneagáin agus Liam Ó hAisibéil páipéirí acadúla don slua mór a bhí i láthair.

D'eagraigh An tOifigeach Gaeilge, Bord na Gaeilge agus Roinn na Gaeilge sraith imeachtaí chun cothrom 150 bliain ó rugadh An t-Athair Ó Duinnín a chomóradh; ar na himeachtaí a eagraíodh bhi taispeántas dá chuid saothair i bhfoirgneamh na leabharlainne, léachtaí ón Ollamh Máirtín Ó Murchú, Ollamh Sinsearach (emeritus) in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (Scoil an Léinn Cheiltigh) agus ó Mháire Nic Mhaoláin, Uachtarán ar Chumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann.

Mar chuid den tsraith Conversations in the Consortium reachtáil An tOifigeach Gaeilge ceardlann den teideal An Ghaeilge i gClár an Rialtais Nua inar tugadh deis do rannphairtithe gnéithe éagsúla de Bhearta Teanga an Rialtais a phlé agus a chíoradh.

## Saoráil Faisnéise

Sa mBliain Acadúil 2010-2011 fuair an Coláiste ocht n-iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Seo a leanas briseadh síos ar na hiarratais a tháinig isteach:

| Saghas Iarratais | | | |
|---|---|---|---|
| Pearsanta | Neamh-Phearsanta | Meascaithe | Iomlám |
| 6 | 2 | 0 | 8 |
| Iriseoir | Gnó | Foireann | Eile |
| 1 | 1 | 1 | 5 |

an choláiste

### Cláir Nua

Le linn 2010-2011 dhein Roinn an Oideachais forbairt ar réimse leathan de chláir nua, cláir iarchéime ach go háirithe. Bhí seoladh chláir chéime Dochtúireachta Struchtúrtha (Oideachas) na Dáimhe mar eochairfhorbairt na tréimhse atá á phlé anseo. Chuir an Dochtúireacht Struchtúrtha (Oideachas) go mór le próifíl an fhiontair iarchéime laistigh den gColáiste agus acmhainn líonra an oideachais agus oiliúna iarchéime a thógáil go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i dtéarmaí an chreata um scileanna iarchéime atá forbartha ag Cumann Ollscoileanna na hÉireann.

### Taighde sa Mhatamaitic

Bronnadh deontas ón Acadamh Náisiúnta um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama faoi Thionscnamh na nDeontas 2010 ar an Dr Aisling Leavy, Dr Mairéad Hourigan agus Aine McMahon chun an staidéar *'Developing an enquiry led approach to teaching in primary classrooms: The production of video case studies of best practices in the teaching of primary mathematics'* a mhaoiniú. Tacóidh an deontas seo chun cás-staidéir físe a léiriú do mhúineadh na Sonraíochta agus na Geoiméadrachta i seomraí ranga bunscoile.

Ó cuireadh tús leis an BA sna Dána i 1992, le hais na Céime sa Bhunmhúinteoireacht a bhí ann cheana féin, tá líon na mac léinn atá i mbun oideachais lán-aimseartha sa Choláiste méadaithe faoi dheich nach mór, ó 297 sa mBliain Acadúil 1991-92 go 2,969 laistigh den mBliain Acadúil 2011-12. Níl aon amhras ann ach gur ráta fáis iontach é seo, ach mar a léiríodh i bhFigiúr 2.1 (anseo thíos), tá ráta borrtha an-ard tar éis tarlú chomh maith, le líon na mac léinn ag ardú go géar agus go seasmhach ag gach céim laistigh den tréimhse seo.

### Oifig Iarchéime


Ag admháil an riachtanais a ghabhann le hionduchtú ginearálta a thabhairt do mhic léinn iarchéime múinte, dhearaigh an Oifig Iarchéime leabhrán ionduchtaithe do Mhic Léinn Iarchéime Múinte, atá ar fáil ar líne, i rannóg iarchéime Láithreáin Ghréasáin CMgS agus ar láithreán gréasáin Aontas na Mac Léinn.

Scaipeadh an cháipéis dar teideal *How to Apply for a Postgraduate Programme by Research and Thesis at Mary Immaculate College* chun soiléiriú a thabhairt faoi nósanna imeachta iarratais d'iarratasóirí agus d'fheitheoirí. Tá sé seo ar fáil ar líne agus ar iarratas ón Oifig Iarchéime.

Bronnadh Scoláireachtaí Iarchéime ó Chomhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta ar bheirt mhac leinn iarchéime i gCMgS; Caroline Maguire (Roinn na Staire) agus Aoife McLoughlin (Roinn na Síceolaíochta), le feidhm ó Mheán Fómhair 2011.


Chuir mic léinn iarchéime a gcuid taighde i láthair ag comhdhálacha ar fud na hEorpa agus dheineadar ionadaíocht láidir ar son an Choláiste in institiúidí Éireannacha agus anuas ar seo d'éirigh le deichniúr mac léinn dochtúireachta a dtráchtais a chosaint i rith na bliana acadúla – an líon is airde go dtí seo.

### Ráta Fáis na Mac Léinn Lánaimseartha, 1992-2010




Tá an fás suntasach seo tagtha chun cinn mar thoradh ar éagsúlú leanúnach i dtairiscintí acadúla an choláiste. Seoladh dhá chláir nua fhochéime – Baitsiléir sna Dána i gCúram agus in Oideachas Luath-Óige agus Baitsiléir an Oideachais san Oideachas agus sa tSíceolaíocht – i 2003 agus 2007, faoi seach, agus deineadh forbairt ar 53 cláir fhochéime (go dtí Leibhéal 10 den gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) ina iomláine faoi 2011. Go deimhin, tá an fás is airde d'aon chóhort sa choláiste tagtha ar dhaonra na mac léinn iarchéime, bhí cúig uaire níos mó mac léinn iarchéime cláraithe leis an gcoláiste ag tús na bliana acadúla 2010-11 ná mar a bhí cláraithe nuair a glacadh le mic léinn iarchéime don chéad uair sa mBliain Acadúil 1995-96. Le ráta coinneála iomlán de 96.5%, is féidir fás seasmhach a fheiscint i measc gach líon mac léinn suas go dtí 2011.

### Bronntaí Céime de réir Cohóirt go 2010





### Gradam & Seasmhacht na dTairiscintí Acadúla

Tá straitéis éagsúlaithe curtha i bhfeidhm ag CMgS a chabhraigh leis an gcoláiste a sciar den daonra mac léinn níos leithne a mhéadú agus béim fós á chur ar chláir acadúla den chaighdeán is airde a sholáthar. Aithnítear an Coláiste go forleathan mar Institiúid ArdOideachais a thairiscíonn taithí iontach foghlama le réimse cláir acadúla den chéad scoth a sholáthraíonn deis fostaíochta nó deis staidéar a dhéanamh ag leibhéal iarchéime nó deis chun tabhairt faoi speisialachais ábharthacha do chéimithe. Tá sé seo soiléir ó sheasmhacht na riachtanas iontrála a bhíonn de shíor i dtreo an taobh is airde de speictream pointí an LOI. Léiríonn na pointí arda atá riachtanach d'oideachas tosaigh do mhúinteoirí, ach go háirithe, cáilíocht agus doimhneacht an tsoláthair acadúil i gCMgS chomh maith le hard-chaighdeán na mac léinn a mhealltar go CMgS agus a mbronnfar céimeanna orthu. (féach figiúr 2.5).

an choláiste

Riachtanais Iontrála an LárOifig Staidrimh 1998-2010




Rannpháirtíocht, Dul chun cinn & Foghlaim ar feadh an tSaoil

Ag croílár Ráiteas Choláiste Mhuire gan Smál tá an tiomantas bunúsach chun cothromas a chur chun cinn sa tsochaí agus chun timpeallacht a chur ar fáil ina bhfuil an tsaoirse agus an deis ag gach uile duine a gcumas iomlán a bhaint amach. Tá éagsúlacht daonra na mac léinn ar cheann de bhun-ghnéithe an fháis atá tarlaithe sa Choláiste atá mar fhreagra ar éiteas institiúideach na rannpháirtíochta cuimsithí, mar aon le spriocanna bearta náisiúnta faoin Straitéis Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ard-Oideachas agus na bearta a tháinig roimhe. Tá sé mar aidhm ag an iliomaid bealaí, tacaíochtaí agus straitéisí rochtana agus for-rochtana a forbraíodh deiseanna a sholáthar chun rannpháirtíocht dhaoine a bhí ar an imeall go traidisiúnta ó dheiseanna oideachasúla phríomhshrutha ag an tríú leibhéal a spreagadh.

Mar thoradh ar ár n-iarrachtaí chun rannpháirtíocht an phobail a leathnú amach tá samplaí suntasacha nualaíochtaí tagtha chun solais mar aon le léibhéil mhéadaithe iontrála ó mhic léinn neamh-thraidisiúnta trí réimse leathan bealaí rochtana cosúil lenár mBonnteastas d'Fhoghlaimeoirí Lánfhásta, an fhorbairt atá déanta againn ar mhodheolaíocht a thugann tacaíocht do mhic léinn ó chúlraí de mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (a bhí clúdaithe faoi Scéim HEAR (An Bealach Rochtana Ardoideachais) go dtí seo) agus comhpháirtíocht leis an Institiúid Náisiúnta um Mhíchumas Intleachta a raibh cruthú chláir acadúil atá deartha, creidiúnaithe agus dírithe ar mhic léinn le míchumais intleachta mar thoradh ar.

Is sampla cruthanta é forbairt an Chláir i Maireachtáil Chomhaimseartha (i gcomhair leis an Institiúid Náisiúnta um Mhíchumas Intleachta I gColáiste na Tríonóide I mBaile Átha Cliath) de thiomantas Choláiste Mhuire gan Smál don bhFoghlaim ar feadh an tSaoil agus do Chuimsiú. Tairiscíonn an clár seo deis ar leith do dhaoine fásta le míchumais intleachta staidéar a dhéanamh i suíomh tríú leibhéil, sar a cuireadh tús leis an gclár seo ní bheadh deis ag roinnt mhaith de rannpháirtithe an chláir leanúint ar aghaidh ag staidéar i gcomhthéacs iarmheánoideachais. Tá sé mar aidhm ag an gClár i Maireachtáil Chomhaimseartha foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn. Tá réasúnaíocht an chláir bunaithe ar an éiteas gur bealach é cuimsiú dhaoine le míchumais intleachta laistigh d'institiúidí tríú leibhéil chun saoránacht iomlán a chur chun cinn trí dheiseanna foghlama oideachasúla a sholáthar agus tá sé ar chomhréim leis Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu (EPSEN 2004).

Ghlac cúigear déag mac leinn le Míchumas Intleachta ó Chathair agus ó Chontae Luimnigh, ó Chontae an Chláir, ó Thiobraid Árann agus ó Chorcaigh páirt sa chláir seo i 2010. Mar thoradh ar an tacaíocht fhlaithiúil ó Fhondúireacht JP McManus agus ó Shiúracha na Trócaire bhí Coláiste Mhuire gan Smál in ann leanúint ar aghaidh leis an gclár agus cláraíodh cúigear déag mac léinn eile i 2011. Cuirfidh Coláiste Mhuire gan Smál tús le Clár Comhpháirtíochta um Chuimsiú nua i rith na bliana acadúla 2012-2013, i gcomhthreo leis an gClár i Maireachtáil Chomhaimseartha. I gcomhar le Bráithre na Carthanachta sa Chlár, cuirfidh Coláiste Mhuire gan Smál fáilte roimh cheathrar mac léinn chun páirt a ghlacadh i bhfiontar ina dtabharfar an

deis do mhic léinn rogha a dhéanamh ó mhodúil óna cláir phríomhshrutha laistigh den institiúid.

| Rannpháirtíocht níos leithne i gCMgS: 2010 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Grúpa Mic Léinn** | **B.Oid** | **B.Oid (Oid/Síc.)** | **B.A.** | **B.A. (Cúram & Oid. Luath-Óige)** |
| **Míchumas** | 1.9% | 0 | 9.0% | 0 |
| **Míbhuntáiste Soc*** | 4.0% | 6.1% | 3.8% | 1.7% |
| **Lánfhásta** | 11% | 6% | 17% | 10% |

* Cúlra de Mhíbhuntáiste Socheacnamaíoch

## Rochtain

Ghlac Coláiste Mhuire gan Smál páirt sa Bhealach Isteach náisiúnta ar Ardoideachas don chéad uair i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh fáilte roimh 29 mac léinn trí Scéim HEAR (An Bealach Rochtana Ardoideachais).

D'fhreastal an fhoireann Rochtana ar aonaigh ghairmeacha agus ar chlinicí comhairle HEAR i Luimneach agus in Áth Luain mar aon le cuairteanna scoileanna inar tairiscíodh comhairle réamh-iontrála agus eolas do mhic léinn ionchasacha.

D'eagraigh an Coláiste Ionduchtú HEAR ar champas i Meán Fómhair do mhic léinn nua HEAR.


I measc na nábhar a pléadh i gceardlann a reachtáileadh chun cabhrú leis an aistriú go dtí saol an choláiste tríú leibhéal bhí Bainistiú Ama, Stíleanna Maireachtála Sláintiúla, Bainistiú Strusa agus Scileanna Cumarsáide.

Bhí áthas ar CMgS comhaontú seirbhíse a shíniú le hIonad Measúnaithe Teicneolaíochta Cúnta OL le linn 2010/2011 a sholáthar measúnú agus oiliúint sa Teicneolaíocht Chúnta dár mic léinn. Bhí an measúnú seo mar chuid den léirmhéas iomlán a deineadh ar riachtanais oideachais na mac léinn. Tugann an Oifig Rochtana tacaíocht ghníomhach do mhic léinn lánfhásta agus tá áthas orainn a bheith páirteach in eagrúchán ranganna breise FT do mhic léinn lánfhásta. Bhí an t-aiseolas a tháinig óna mic léinn lánfhásta an-dearfach agus spreagúil.

## Ráta Coinneála

Tá rátaí laghdaithe mac léinn i gCMgS i measc na rátaí is ísle sa tír leis an ráta neamhchríochnaithe iomlán don mBliain Acadúil 2011-2012 ag 3.51%. Ag tógáint na Chéad Bhliana mar an pointe cinniúnach do dhul chun cinn, tá rátaí neamhchríochnaithe íseal go go seasta agus nuair nach gcríochnaítear cúrsa, tá ráta aistrithe ard dá réir go dtí institiúidí ardoideachais eile rud a léiríonn ár n-iarrachtaí comhbheartaithe ráta coimeádta mac léinn laistigh den gcóras ardfhoghlama más féidir in aon chor trí chomhoibriú leis hInstitiúidí Ardoideachais eile. Tá infheistíocht suntasach déanta ag an gColáiste tríd an Aonad Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí chun a rátaí coimeádta dearfachá a chothú. Is daoine ardspreagtha iad foireann an Aonaid agus cuireann siad tacaíocht in oiriúint do riachtanais ar fáil do mhic léinn, le breis is 1,000 seisiún in aghaidh na bliana acadúla.


### Rátaí Neamh-Chríochnaithe (Aistriú ón gCéad go dtí an Dara Bliain)





## Taighde

Ar mhaithe le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí taighde sonraithe laistigh dá réimsí lárnacha, tá struchtúir thacaíochta do thaighde curtha in áit ag Coláiste Mhuire gan Smál mar thaca dá fhís agus dá straitéis taighde. Is é an tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde agus Cathaoirleach ar an gCoiste Taighde, atá i gceannas ar Oifig Taighde an Choláiste. Tá fás suntasach tagtha ar ráta na gníomhaíochta taighde laistigh den gColáiste le cúig bliana déag anuas, le fás tagtha ar líon na bhfoilseachán foirne, líon na gcur i láthair ag comhdhálacha agus aschur taighde trí chéile i rith an ama sin. Sa chomhthéacs seo agus de réir Phlean Straitéisigh agus Ráitis Misin an Choláiste, tacaíonn an Oifig Taighde le gach taighdeoir a chuireann le taighde ar ardchaighdeán, ag cur le agus ag neartú feidhmeanna oideachasúla agus seirbhíse na hinstitiúide dá mhic léinn, dá fhoireann agus don bpobal trí chéile. Ar an mbealach seo, cuireann CMgS béim ar an tábhacht a bhaineann le timpeallacht taighde atá dírithe ar ghlúin faisnéise nua agus ar oiliúint ábhar-oidí agus mic léinn eile ó mhúinteoirí atá gníomhach i gcúrsaí taighde.

### Foilseacháin Taighde 1997-2011





### Cur i láthair ag Comhdhálacha 1997-2011



Athdhearbhaíonn Coláiste Mhuire gan Smál a thiomantas maidir le tacaíocht agus le hacmhainní cuimsitheach a sholáthar d'fhorbairt leanúnach bhonn scileanna ár bhfoireann agus ár mic léinn. Tá infheistíocht mhór déanta ag an gColáiste sa réimse seo trí thacaíochtaí airgeadais, trí bhreisoiliúint na foirne, trí chomhoibriú seachtrach agus trí struchtúir riaracháin tiomnaithe. Sa mbliain reatha 2010 – 2011 tá infheistíocht déanta ag an gColáiste sa bhonneagar atá riachtanach chun tacú le taighde.

Is samplaí iad bunú Choiste Eiticí Taighde Coláiste Mhuire gan Smál agus an tús a cuireadh le Taisclann Taighde Mhuire gan Smál mar acmhainn digiteach oscailte agus mar chartlann taighde i gCMgS. Cothófar na hiarrachtaí seo agus déanfar forbairt orthu, agus díreofar go sonrach i gCMgS sa todhchaí ar chrostoirchiú an taighde le teagasc agus foghlaim, mar aon le béim bhreise ar thaighde a chuireann go suntasach le bearta poiblí. Trí thaighde agus trí aistriú eolais, cuirfidh Coláiste Mhuire gan Smál le geilleagar na hÉireann chomh le cáilíocht na beatha ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.


Cairt Eagrúcháin
Bord na nIontaobhaithe
An Bord Rialaithe
Coiste Rochtana
Coiste Iniúchta
Coiste Dámhachtainí
Bord na Gaeilge
Coiste Fuinnimh & Comhshaoil
Coiste Comhionannais
Coiste um Chothú Sláinte sa Choláiste
Coiste Sláinte agus Sábháilteachta
Coiste FT/ Closamhairc
Grúpa Úsáideoirí na Leabharlainne
Coiste Eiticí Taighde Coláiste Mhuire gan Smál
Coiste Cáilíochta
Coiste um Smacht na Mac Léinn
An Bord Acadúil
Coiste Bainistíochta an Choláiste
Coiste Taighde
Stiúrthóireacht um Staidéar Iarchéime
Bord Dámh na nDán
Bord Dámh an Oideachais
Coiste Bainistíocht a Dámh na nDán
Coiste Bainistíocht a Dámh an Oideachais
UACHTARÁN
Oifig an Uachtaráin
Oifig um Sheirbhísí Mac Léinn
LEAS-UACHTARÁN UM GHNÓTHAÍ ACADÚLA
LEAS-UACHTARÁN RIARACHÁIN & AIRGEADAIS
Oifig um Acmhainní Daonna
Seirbhísí Leabharlainne
Leas-Chláraitheoir
Comh Leas-Uachtarán Taighde
Oifig Taighde
Comh Leas-Uachtarán Riaracháin
Oifig an Airgeadais
Oifig Cáilíochta
Oifig Comhlíonta Faisnéise
Oifigeach Margaíochta & Caidrimh Poiblí
Oifigeach na Gaeilge
Seirbhísí FT
Oifig na bhFoirg-neamh
Oifig Sláinte & Sábháilt-eachta
Fáiltiú
Seirbhísí Closamh arc
Oifig Spórt
Oifig Athghra-faice
Cóiríocht Chúirt na Brice
DÉAN NA nDÁN
DÉAN AN OIDEACHAIS
Oifig na nDán
Déan Cúnta
Oifig an Oideachais
Aonad Tacaíochta Foghlama
Ceannairí Ranna na nDán
Ceannairí Ranna an Oideachais
Stiúrthóir an Chaidrimh Sheachtraigh
Stiúrthóir Staidéar Iarchéime sna Dána
Oifig Iarchéime
Stiúrthóir Staidéar Iarchéime san Oideachas
Stiúrthóir Socrúcháin Scoile
Stiúrthóir an Aonaid Forbartha Curaclaim
Stiúrthóir ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach
Oifig Socrúcháin
Ionad Leighis na Mac Léinn
Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn
Séiplíneacht

Coláiste Mhuire gan Smál
Ollscoil Luimnigh

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

| | Nóta | 2011<br>Euro | 2010<br>Euro |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais | 1 | 9,899,797 | 11,531,563 |
| Deontas Caipitiúil – Forbairt Tógála | 1 | 1,084,467 | 10,115,103 |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 14,986,282 | 15,234,288 |
| Ioncam Eile | 3 | 3,704,212 | 2,522,333 |
| Cláir Thaighde agus Fhéinmhaoinithe | 8(c-e) | 1,855,867 | 1,873,087 |
| Maoiniú neamh iarchurtha do Phinsin | 12(b) | 6,474,499 | 6,863,723 |
| Ioncam Iomlán | | 38,005,124 | 48,140,097 |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitiúil | 9 | (3,035,809) | (9,190,939) |
| Aistriú ó/(go) Cúlchiste Forbartha | 10 | 1,301,510 | (1,228,621) |
| Aistriú go Cúlchiste Cóiríochta | 11 | (291,110) | (265,917) |
| | | 35,979,715 | 37,454,620 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Riaracháin | 4 | (25,976,305) | (26,282,200) |
| Caiteachas Riaracháin | 12(c) | (7,863,863) | (8,272,565) |
| Cláir Thaighde agus Fhéinmhaoinithe | 8(c-e) | (1,855,867) | (1,873,087) |
| Barrachas don mBliain | | 283,680 | 1,026,768 |
| Iarmhéid Tosaigh | | 2,923,050 | 1,896,282 |
| Iarmhéid ar 30 Meán Fómhair | | 3,206,730 | 2,923,050 |


**Ar son an Bhoird Rialaithe**

**Michael Hayes**

An tOll. Michael A Hayes
Uachtarán

**John Coady**

John Coady, Uas.,
Leas Uachtarán Riaracháin & Airgeadais



# Fuinneamh

## Léirmheas ar Úsáid Fhuinnimh 2010

Le hoscailt an fhoirgnimh nua, Teamhair agus leis an ardú i líon na mac léinn ó 2655 i 2005/2006 go-dtí ós cionn 3000 i 2010/2011, niltear ag súil go dtiocfaidh laghdú ar úsáid fhuinnimh. Bíodh sin mar atá, gan na bearta éifeachtúlachta a tugadh isteach bheadh an úsáid fhuinnimh níos airde fiú.

I 2010 d'úsáid Coláiste Mhuire gan Smál 6,548Mwh d'fhuinneamh:

- 2,145MWh aibhléis
- 4,399 MWh gás nádúrtha
- 4.4 MWh breoslaí iompair (díosal)

## Gníomhartha déanta i 2010

Cuireadh réimse gníomhartha i gcrích i gColáiste Mhuire gan Smál chun ár bhfeidhmíocht fhuinnimh a fheabhsú, uasghrádú go-dtí soilsiú tíosach ar fhuinneamh i roinnt d'fhoirgnimh an champais san áireamh.

## Léirmheas ar Úsáid Fhuinnimh 2011

Tá méadair BSL éagsúla ag cothú an champais i gColáiste Mhuire gan Smál. Soláthraíonn an príomh-mhéadar aibhléis don mbonnfhoirgneamh. Déanann an méadar seo taifead chomh maith ar fhuinneamh i bhfoirgnimh éagsúla eile; is ionann é seo agus 91% den bhfuinneamh a úsáidtear ar an gcampas.

I 2011, d'úsáid CMgS 6,491 MWh d'fhuinneamh:

- 2134 MWh aibhléis
- 4,356 MWh gás nádúrtha
- 4.3 MWh breoslaí iompair (díosal)

## Gníomhartha déanta i 2010

Cuireadh isteach fo-mhéadair do ghás agus d'aibhléis ar aon agus déanfar iad a thaifeadú uair sa mhí. Is féidir leis na méadair aischur bíogach a thabhairt ag úsáid teicneolaíocht Modbus agus beifear in ann Monatóireacht agus Spriocadh a dhéanamh ar úsáid fuinnimh foirgnimh sa todhchaí. Beidh Teastais Taispeána Fuinnimh sa todhchaí níos réadúla. Cuireadh fo-mhéadair isteach i roinnt mhaith foirgnimh.

## LÍON NA MAC LÉINN DON MBLIAIN ACADÚIL 2010-11

| | LÁN-AIMSEARTHA | | | | | | | | PÁIRT-AIMSEARTHA | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Bliain 1 | | Bliain 2 | | Bliain 3 | | Bliain 4 | | Bliain 1 | | Bliain 2 | | Iomlán |
| **Cúrsa:** | M | F | M | F | M | F | M | F | M | F | M | F | |
| BA sna Dána | 93 | 151 | 84 | 146 | 59 | 151 | 51 | 125 | | | | | 860 |
| BA i gCúram agus in Oideachas Luath-Óige | 3 | 55 | 1 | 55 | 2 | 55 | 2 | 47 | | | | | 220 |
| B.Oid san Oideachas & sa Síceolaíocht | 1 | 26 | 5 | 27 | 5 | 26 | 2 | 30 | | | | | 122 |
| B.Oid san Oideachas | 114 | 314 | 89 | 318 | 81 | 380 | | | | | | | 1296 |
| Teastas i bhFilleadh ar Fhoghlaim - Rochtain ar an ArdOideachas | | | | | | | | | 23 | 24 | | | 47 |
| Teastas sa Diagacht & Staidéar ar Reiligiún | | | | | | | | | 6 | 3 | | | 9 |
| Teastas Iarchéime i bhForbairt an Mhúinteora | | | | | | | | | 1 | 9 | | | 10 |
| Dioplóma Iarchéime san Aos Oideachas | | | | | | | | | 2 | 13 | | | 15 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) | | | | | | | | | 37 | 87 | | | 124 |
| Dioplóma Iarchéime i dTeicneolaíocht Faisnéise | | | | | | | | | 3 | 6 | | | 9 |
| Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais | | | | | | | | | 9 | 37 | | | 46 |
| Máistir sna Dána (Staidéar an Bhíobla) | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Máistir sna Dána (Ceannaireacht Chríostaí) | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Máistir sna Dána (Ceannaireacht Chríostaí san Oideachas) | 6 | 6 | | | | | | | | | | | 12 |
| Máistir sna Dána (Síceolaíocht an Oideachais) | 1 | 8 | | | | | | | | | | | 9 |
| Máistir sna Dána sa Ghaeilge | 2 | 9 | | | | | | | | | | | 11 |
| Máistir sna Dána sa Stair | 8 | 9 | | | | | | | | | | | 17 |
| Máistir sna Dána i Staidéar ar na Meáin Éireannacha – lán-aimseartha | 5 | 2 | | | | | | | | | | | 7 |
| Máistir sna Dána i Staidéar ar na Meáin Éireannacha – páirt-aimseartha | | | | | | | | | | | 1 | 1 | 2 |
| MA Oideachas Ceoil | | | | | | | | | | 9 | | | 9 |
| MA Fealsúnacht & Litríocht | 3 | 1 | | | | | | | | | | | 4 |
| MA sa Diagacht | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| MA Léann Diagachta | | | | | | | | | 3 | 2 | 1 | 3 | 9 |
| Máistreacht san Oideachas san Aosoideachas | | | | | | | | | 2 | 2 | 1 | 2 | 7 |
| M.Ed san Oideachas | | | | | | | | | 3 | 13 | 4 | 16 | 36 |
| M.Ed i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | | | | | | | | | 2 | 7 | | | 9 |
| M.Ed i Riachtanais Speisialta Oideachais | | | | | | | | | | 9 | | | 9 |
| M.Ed i bhForbairt an Mhúinteora | | | | | | | | | | 2 | | | 2 |
| MA i dTaighde sna Dána | 6 | 8 | 5 | 7 | | | | | | | | | 26 |
| MA i dTaighde san Oideachas | 1 | 2 | 1 | 1 | | | | | | | | | 5 |
| PhD sna Dána | 3 | 7 | 3 | 6 | 6 | 11 | | | | | | | 36 |
| PhD san Oideachas | 1 | 2 | | 3 | 4 | 2 | | | | | | | 12 |
| PhD Struchtúrtha (Oideachas) | 4 | 5 | | | | | | | | | | | 9 |
| **Iomlán** | | | | | | | | | | | | | **2992** |

## LÍON NA GCÉIMITHE DON MBLIAIN ACADÚIL 2010-11

| CÚRSA | LÍON NA GCÉIMITHE |
|---|---|
| BA SNA DÁNA | 169 |
| BA I GCÚRAM AGUS IN OIDEACHAS LUATH-ÓIGE | 49 |
| BAITSILÉIR SAN OIDEACHAS | 456 |
| B.OID SAN OIDEACHAS & SÍCEOLAÍOCHT | 32 |
| TEASTAS IN OBAIR ÓIGE AGUS POBAIL | 9 |
| DOCHTÚIR NA FEALSÚNACHTA | 10 |
| DIOPLÓMA IARCHÉIME I RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS | 42 |
| TEASTAS IARCHÉIME I BHFORBAIRT AN MHÚINTEORA | 9 |
| DIOPLÓMA IARCHÉIME SAN AOS OIDEACHAS | 15 |
| DIOPLÓMA IARCHÉIME SAN OIDEACHAS (BUNMHÚINTEOIREACHT) | 59 |
| DIOPLÓMA IARCHÉIME I DTEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE | 9 |
| M.OID (MEANTÓIREACHT AGUS FORBAIRT AN MHÚINTEORA) | 2 |
| M.OID | 21 |
| M.OID (AOSOIDEACHAS & OIDEACHAS LEANÚNACH) | 5 |
| M.OID (OIDEACHAS LUATH-ÓIGE) | 1 |
| M.OID (RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS) | 9 |
| M.OID I DTEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE | 10 |
| MÁISTIR SNA DÁNA (GAEILGE) | 8 |
| MÁISTIR SNA DÁNA (STAIDÉAR AN BHÍOBLA) | 1 |
| MÁISTIR SNA DÁNA (SPIORADÁLTACHT CHRÍOSTAÍ) | 1 |
| MÁISTIR SNA DÁNA SA STAIR | 15 |
| MÁISTIR SNA DÁNA (LITRÍOCHT AN NUA-BHÉARLA) | 2 |
| MÁISTIR SNA DÁNA (FEALSÚNACHT & LITRÍOCHT) | 3 |
| MÁISTIR SNA DÁNA (TAIGHDE & TRÁCHTAS) | 7 |
| MÁISTIR SNA DÁNA (LÉANN DIAGACHTA) | 2 |
| MÁISTIR SNA DÁNA (DIAGACHT) | 2 |
| MÁISTIR SNA DÁNA I STAIDÉAR AR NA MEÁIN ÉIREANNACHA | 9 |
| IOMLÁN | **957** |

**NÓTAÍ**

**NÓTAÍ**

**NÓTAÍ**

BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH

MARY IMMACULATE COLLEGE
UNIVERSITY OF LIMERICK